*(English version below)*

**Siompóisiam Lae IVACS: An Taighde Corpais i gComhthéacsanna Dúshlánacha**

**24ú Feabhra, 2018**

Reáchtáil Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil, Scoil an Léinn Cheiltigh, siompóisiam lae IVACS ar an teangeolaíocht chorpais, ar 24ú Feabhra 2018.

Agus í ag cur tús oifigiúil leis an siompóisiam, chuir Anna Ní Ghallachair, Stiúrthóir an Lárionaid agus Ceann Scoile ar Scoil an Léinn Cheiltigh, fáilte ó chroí roimh na rannpháirtithe agus luaigh sí an tábhacht a bhaineann le himeachtaí dá leithéid chun teangeolaithe corpais a thabhairt le chéile, naisc a chruthú agus smaointe a roinnt. Ghabh sí a buíochas le heagraí an imeachta, Aoife Ní Ghloinn, Ollscoil Mhá Nuad: '*Tá muid iontach buíoch d'Aoife as a cuid oibre uilig go léir agus an t-imeacht seo á eagrú aici ar son Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil. Mar is léir ó ainm an Lárionaid, tá muid go láidir den tuairim go mbíonn scoth an teagaisc agus an mheasúnaithe ag brath go mór ar scoth an taighde. Bíonn riachtanais ár gcuid foghlaimeoirí ag athrú i dtólamh agus ba chóir go mbeadh an taighde ar an teangeolaíocht chorpais ag croí-lár aon iarrachta a dhéanfar freastal ar na riachtanais sin.*'

Ag labhairt di faoi IVACS, dúirt Aoife Ní Ghloinn, eagraí na comhdhála: '*Tá obair an-tábhachtach déanta ag IVACS le líonra na teangeolaíochta corpais a fhorbairt sa tír seo agus go hidirnáisiúnta. Táimid an-sásta i Lárionad na Gaeilge siompóisiam na bliana seo a eagrú agus a bheith páirteach sa líonra sin. Anuas air sin, tá an ghné fheidhmeach d'obair IVACS go mór le moladh, agus obair eiseamláireach déanta ag an ionad chun an taighde corpais agus an cleachtas a phósadh ar a chéile.*'

Is é aidhm ionad taighde IVACS (*Inter-Varietal Applied Corpus Studies*) nascanna a thógáil idir teangeolaithe corpais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Chuige seo, tá líonra gníomhach páirtnéirí ó bhreis is 30 ollscoil in Éirinn agus thar lear forbartha ag an ionad le 18 mbliana anuas. Seo an 18ú siompóisiam bliantúil atá á reáchtáil faoi scáth IVACS, agus bíonn ról lárnach ag na himeachtaí seo i bhforbairt an líonra sin ó bhliain go bliain.

Ba é an Taighde Corpais i gComhthéacsanna Dúshlánacha príomhthéama an tSiompóisiam i mbliana, agus dhírigh go leor de na páipéir ar an teangeolaíocht chorpais i gcomhthéacs mionteangacha agus teangacha neamhfhorleathana. '*Bhí sé tábhachtach dúinn*', a mhínigh Aoife Ní Ghloinn, '*aird a tharraingt ar an obair cheannródaíoch atá ar bun faoi láthair ar an teangeolaíocht chorpais i gcás na mionteangacha, agus plé a dhéanamh ar na dúshláin bhreise a bhaineann leis an obair sin, idir dhúshláin shochtheangeolaíocha, dhúshláin theicniúla agus cheisteanna praiticiúla acmhainní.*'

Tugadh léargas maith ar réimse an taighde corpais atá ar siúl faoi láthair ar an nGaeilge. Rinneadh cur síos ar obair atá ar bun in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le corpas aon-teangach de Ghaeilge scríofa an lae inniu, *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha,* a thógáil agus a chur ar fáil don phobal ar an suíomh www.gaois.ie. Pléadh dhá thionscadal éagsúla atá ar siúl i gColáiste na Tríonóide agus in Ollscoil Mhá Nuad, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta (COGG), a bhfuil sé mar aidhm acu dul chun tairbhe do mhúineadh na Gaeilge, trí anailís a dhéanamh ar ábhar teagaisc agus ar theanga na bhfoghlaimeoirí Gaeilge. Cuireadh síos chomh maith ar thograí uaillmhianacha atá ar bun in

Ollscoil Mhá Nuad, agus i gColáiste na Tríonóide, le hanótú a dhéanamh ar chorpais sa tSean-Ghaeilge agus sa Nua-Ghaeilge Mhoch. Tugadh dhá pháipéar freisin ar an obair reatha atá ar siúl le Corpas Náisiúnta na Breatnaise, *CorCenCC*, a thógáil, rud a léirigh go soiléir na dúshláin chomónta a bhíonn le sárú ag teangeolaithe corpais agus iad ag plé le teanga neamhfhorleathan.

Díríodh chomh maith ar an anailís chorpais i múineadh an Bhéarla. Tugadh tuairisc spreagúil ar an úsáid atá á baint as corpais le tacú le múineadh na scríbhneoireachta acadúla, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus thug taighdeoirí ó Choláiste Mhuire gan Smál agus ó Ollscoil Luimní páipéir an-spéisiúil ar anailís chorpas-bhunaithe atá déanta ar theanga agus ar nósanna aischothaithe múinteoirí sa seomra ranga. Dhírigh an seisiún deireanach ar an anailís chorpais ar chúrsaí pragmaitice, ar dhioscúrsa na fógraíochta agus ar an stílíocht liteartha.

Ag labhairt di ag clabhsúr na comhdhála in Ollscoil Mhá Nuad, dúirt Comhordaitheoir IVACS, An Dr Anne O'Keeffe, "*This is our 18th Symposium and, over that time, we have built important working relationships across institutions and many publications and other collaborations have come about as a result, including our recent dedicated Routledge book series on Applied Corpus Studies".* Dúirt sí, "*This event is also really important for our postgraduate students, many of them give their first paper at this event. The nurturing of postgraduate research is of core importance to the IVACS research centre*".

Bunaíodh Ionad Taighde IVACS go hoifigiúil i gColáiste Mhuire gan Smál sa bhliain 2002 mar líonra taighde idir-institiúideach idir Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimní, Ollscoil Nottingham agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Ó shin i leith, tá forbairt agus fás tar éis teacht ar an líonra sin, agus taighdeoirí i mbeagnach 40 institiúid anois luaite leis, lena n-áirítear Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste na Tríonóide, Ollscoileanna Cambridge, Dhún Éideann, Newcastle, Leeds Beckett, Extramadura, Madrid, Malta, chomh maith le hOllscoil Pompeu Fabra (Barcelona), Ollscoil Pholaiteicnice Hong Kong agus eile.

Tá clár na comhdhála ar fáil anseo.

Le tuilleadh eolais a fháil ar Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil, téigh chuig: https://www.maynoothuniversity.ie/larionad-gaeilge-centre-irish-language

Tá tuilleadh eolais ar Ionad Taighde IVACS ar fáil ag http://www.ivacs.mic.ul.ie/.

**Leagan Béarla:**

**IVACS One-Day Symposium, *Corpus Research in Challenging Contexts***

**24th February, 2018**

The Centre for Irish Language Research, Teaching and Testing / *Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil*, Maynooth University, hosted the 18th IVACS Research Centre's Annual One-Day Symposium, 24th February, 2018.

At the opening of the symposium Anna Ní Ghallachair, Director of *Lárionad na Gaeilge* and Head of the School of Celtic Studies, Maynooth University, welcomed participants and noted that the event allowed corpus researchers to make connections across the wealth of ongoing research that the IVACS event was bringing together. She expressed her gratitude to the organiser of the event Aoife Ní Ghloinn, Maynooth University. '*We are very grateful to Aoife for all her work in organising this event on behalf of the Centre for Irish Language Research, Teaching and Testing. As our name indicates, we are strongly of the view that good research informs good teaching and assessment. Our students' learning needs are constantly changing and the research conducted in corpus linguistics should form a core part of our efforts in responding to these needs*.'

Speaking about the role of IVACS, the conference organiser *Aoife Ní Ghloinn* said, *'IVACS has played a very important role in developing the network of corpus linguists in Ireland and internationally. We are delighted to host this year's symposium and to be a part of that growing network. The applied aspect of IVACS' work is also noteworthy. All too often, there is a division between linguistic research and theory, and its practical application in language teaching and learning. The work of IVACS has been exemplary in bringing corpus research and practice together.'*

The aim of the Inter-Varietal Applied Corpus Studies (IVACS) research centre is to link national and international researchers who work in the field of Corpus Linguistics. To this end, the Centre has built up a vibrant network of partners from more than 30 institutions, nationally and internationally. The annual symposium day is in its 18th year and it has been core to the vibrant links that the research centre has maintained over the years.

The Maynooth University Symposium focused on the theme of *Corpus Research in Challenging Contexts* and many of the papers focused on building and analysing corpora of Lesser-Used Languages. Attendees heard about ongoing challenges and solutions in the building of the Welsh National Corpus, *CorCenCC* while corpus research on the Irish language was also very well-represented with updates on the ongoing development of a monolingual corpus of written Irish, *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha,* at Dublin City University. Other Irish language corpus developments included a grammatically-annotated corpus of learner Irish, a joint venture between Trinity College Dublin and Maynooth University. Developments on the annotating of Old Irish in the *Chronologicon Hibernicum,* at Maynooth University, were also reported on, as well as the emerging of a corpus of Irish-Language educational materials at Trinity College Dublin.

Corpus analysis in English Language Teaching was also addressed with papers, from Mary Immaculate College, University College Dublin and University of Limerick, on the use of corpora in academic writing instruction, current trends in teachers' language use in the classroom and

the use of corpora to investigate novice and experienced teachers' classroom language use in relation to in-class feedback. The final session reported on corpus analyses, with papers on pragmatics, media discourse and literary stylistics, from Mary Immaculate College researchers.

IVACS Coordinator, Dr Anne O'Keeffe reflecting on the Maynooth University event makes the point that, "*This is our 18th Symposium and, over that time, we have built important working relationships across institutions and many publications and other collaborations have come about as a result, including our recent dedicated Routledge book series on Applied Corpus Studies".* She continues, "*This event is also really important for our postgraduate students, many of them give their first paper at this event. The nurturing of postgraduate research is of core importance to the IVACS research centre*".

The IVACS Research Centre was formally established at Mary Immaculate College in 2002 as an inter-institutional research network between Mary Immaculate College, University of Limerick, University of Nottingham and Queen's University Belfast. Since then, the network has extended to almost 40 researchers in institutions, including the University College Dublin, Maynooth University, Trinity College Dublin, Universities of Cambridge, Edinburgh, Newcastle, Leeds Beckett, Extramadura, Madrid, Malta, as well as Pompeu Fabra University (Barcelona), Hong Kong Polytechnic University, among others.

The conference programme is available here.

For more information about The Centre for Irish Language Research, Teaching and Testing, see: https://www.maynoothuniversity.ie/larionad-gaeilge-centre-irish-language

For more on the IVACS Research Centre, see http://www.ivacs.mic.ul.ie/